

Rannán Airgeadas na Scoileanna  
An Roinn Oideachais agus  
Scileanna  
Corr na Madadh  
Baile Átha Luain  
Co. na hIarmhí  
N37 X659



Schools Division Financial  
Department of Education and  
Skills  
Cornamaddy  
Athlone  
Co. Westmeath  
N37 X659

Ciorclán 0028/2016

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna.**

**DEONTAIS CHAIPITÍOCHTA AGUS DEONTAIS LE hAGHAIDH SEIRBHÍSÍ  
COIMHDEACHA**

Is é cuspóir an chiorcláin seo an leibhéal reatha de chistiú caipitíochta agus deontais choimhdhig a leithdháiltear ar bhunscoileanna a leagan amach.

**1. Caipitíocht Ghinearálta – (Eanáir agus Meitheamh 2016)**

Íoctar an deontas foriomlán caipitíochta bunaithe ar fhigiúr rollaithe na scoile ar an 30 Meán Fómhair 2015\*.

Ríomhtar an chéad sciar den íocaíocht, rud is comhionann le 70% den deontas, ach úsáid a bhaint as na figiúirí rollaithe ón scoilbhliain roimhe (Meán Fómhair 2014). Nuair a bheidh an dara sciar á íoc amach i mí an Mheithimh 2016, áfach, cuirfear an figiúr rollaithe do mhí Mheán Fómhair 2015 san áireamh. Is ag an am sin a réiteofar an chéad sciar den íocaíocht.

*\*Tá an deontas a íoctar le scoileanna beaga bunaithe ar rollú íosta 60 dalta príomhshrutha.*

**Rátaí don Scoilbhliain 2015/16**

<b>Catagóir</b> <b><u>Ní mór do Scoileanna Príomhshrutha Ranga Speisialta</u></b> <b><u>ceadaithe a bheith acu d'fhonn na rátaí breisithe a fháil</u></b>	<b>01/09/2015</b>	<b>01/09/2015</b>
	<b>Faoi bhun 12 bhliain d'aois</b>	<b>12 bhliain d'aois agus níos sine</b>
<b>Ráta Príomhshrutha</b>	<b>€170</b>	<b>€170</b>
<b>Lagú Amhairc</b>	<b>€819</b>	<b>€819</b>
<b>Lagú Éisteachta</b>	<b>€819</b>	<b>€819</b>
<b>Faoi Ollbhodhaire</b>	<b>€840</b>	<b>€840</b>
<b>Míchumas Foghlama Ginearálta Éadrom (Scoil Phríomhshrutha)</b>	<b>€436</b>	<b>€650</b>
<b>Míchumas Foghlama Ginearálta Éadrom (Scoil Speisialta)</b>	<b>€544</b>	<b>€819</b>
<b>Míchumas Foghlama Ginearálta Meánach</b>	<b>€819</b>	<b>€819</b>
<b>Míchumas Foghlama Ginearálta Dian/ Trom</b>	<b>€840</b>	<b>€840</b>
<b>Sain-Mhíchumas Foghlama (Scoil Phríomhshrutha)</b>	<b>€436</b>	<b>€650</b>

<b>Sain-Mhíchumas Foghlama (Scoil Speisialta)</b>	<b>€544</b>	<b>€819</b>
<b>Suaithheadh Mothúchánach</b>	<b>€819</b>	<b>€819</b>
<b>Diansuaithheadh Mothúchánach</b>	<b>€840</b>	<b>€840</b>
<b>Míchumas Fisiciúil</b>	<b>€819</b>	<b>€819</b>
<b>Uathachas/Neamhoird ar Speictream an Uathachais</b>	<b>€840</b>	<b>€840</b>
<b>Sain-Neamhord Teanga agus Urlabhra</b>	<b>€819</b>	<b>€819</b>
<b>Roinnt Cineálacha Míchumais</b>	<b>€840</b>	<b>€840</b>
<b>Leanaí den Lucht Siúil</b>	<b>€240</b>	<b>€240</b>
<b>Leanaí atá Imithe ó Smacht</b>	<b>€840</b>	<b>€840</b>
<b>Áirítear an ráta príomhshrutha €170 i ngach ráta breisithe</b>		
<b>Scoileanna Náisiúnta ina bhfuil Bord Bainistíochta ar bun = €170 in aghaidh an dalta</b>		
<b>Scoileanna Náisiúnta atá faoi chothabháil Oifig na nOibreacha Poiblí = €68 in aghaidh an dalta</b>		
<b>Scoileanna Lán-Ghaeilge = €193 in aghaidh an dalta (dalta príomhshrutha + €23)</b>		
<b>Tá an deontas íosta do scoileanna beaga bunaithe ar rollú 60 dalta</b>		
<b>Ní íoctar le Modhscoileanna ach an ráta breisithe do dhaltaí speisialta – is iad sin, na rátaí thuas lúide €170</b>		

Tá rátaí breisithe caipitíochta iníoctha i leith daltaí a fhreastalaíonn ar scoileanna speisialta agus ar ranganna speisialta atá ceangailte le scoileanna príomhshrutha d'fhonn cabhrú leis na costais bhreise a bhaineann le costais reatha seomraí ranga beaga ina gcuirtear sainsoláthar ar fáil do líon beag daltaí.

## **2. Deontas Caipitíochta le haghaidh Seirbhísí Coimhdeacha (rúnaí/airíoch) – (Márta 2016)**

Is é is aidhm don deontas le haghaidh seirbhísí coimhdeacha ná cabhrú le scoileanna nach gcuirtear cúnadh rúnaíochta agus/ná cúnadh airíochais ar fáil dóibh faoi scéimeanna 1978/1979. Faoi na scéimeanna sin, íoctar leis an rúnaí agus/nó leis an airíoch go díreach trí phárolla na Roinne.

Sa chás go bhfuil rúnaí lánaimseartha faoi scéimeanna 1978/1979 ag scoil agus nach bhfuil aon airíoch aici faoi na scéimeanna sin (nó a mhalairt), tá an scoil i dteideal cúnadh breise deontais a fháil i leith na seirbhísí airíochais nó rúnaíochta, mar atá leagtha amach.

### **(A) Scoileanna Príomhshrutha**

Tá an deontas le haghaidh seirbhísí coimhdeacha bunaithe ar fhigiúr rollaithe na scoile ar an 30 Meán Fómhair 2015. Tá an deontas a íoctar le scoil bheag bunaithe ar rollú íosta 60 dalta agus tá an deontas uasta a íoctar bunaithe ar fhigiúr rollaithe 500 dalta.

**Ráta caighdeánach €153.00 in aghaidh an dalta chun rúnaí agus airíoch araon a chlúdach (deontas iomlán)**

**Ráta caighdeánach €77.50 in aghaidh an dalta chun rúnaí nó airíoch a chlúdach (deontas laghdaithe)**

Féach Ciorclán 0076/2015 le haghaidh tuilleadh faisnéise.

## **(B) Scoileanna Speisialta**

I gcás scoileanna speisialta, íoctar an deontas le haghaidh seirbhísí coimhdeacha bunaithe ar an bhfoireann lánaimseartha údaraithe teagaise atá ceadaithe ag an Roinn don scoil, mar atá leagtha amach thíos. Tá an deontas uasta a íoctar bunaithe ar uasteorainn 16 mhúinteoir.

<b>Líon na Múinteoirí</b>	<b>Deontas Iomlán</b>	<b>Deontas Laghdaithe</b>
1	€11,460.00	€5,790.00
2	€11,842.00	€5,983.00
3	€18,336.00	€9,264.00
4	€24,830.00	€12,545.00
5	€31,324.00	€15,826.00
6	€37,627.00	€19,010.50
7	€43,548.00	€22,002.00
8	€49,278.00	€24,897.00
9	€51,952.00	€26,248.00
10	€58,255.00	€29,432.50
11	€64,558.00	€32,617.00
12	€70,861.00	€35,801.50
13	€77,164.00	€38,986.00
14	€83,467.00	€42,170.50
15	€89,770.00	€45,355.00
16	€95,500.00	€48,250.00

## **3. Úsáid Dhlisteanach as Caipitíocht**

Cuirtear i gcuimhne do Bhoird Bhainistíochta go bhféadfar a mheas gur deontas coiteann is féidir leis an mBord a leithdháileadh de réir a thosaíochtaí féin atá sa chistiú caipitíochta a sholáthraítear chun freastal ar chostais ghinearálta reatha agus sa chistiú a sholáthraítear le haghaidh seirbhísí airíochais agus rúnaíochta.

Féach **Ciorclán 0040/2009** le haghaidh tuilleadh faisnéise.

Hubert Loftus  
Príomhoifigeach  
Rannán Airgeadas na Scoileanna  
Aibreán 2016